# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

Ar smaoinigh tú riamh ar na cineálacha ainmhithe a raibh cónaí orthu ar leac an dorais agat na mílte bliain ó shin? Sa ghníomhaíocht seo de chuid an Mhúsaeim, déanfaimid iniúchadh ar Éirinn san Oighearaois agus foghlaimeoimid faoi iontaisí agus faoi na cineálacha ainmhithe a mhair anseo san am atá thart.

**Eochairfhocail:** Oighearaois Eolaithe Aeráid Iontaisí Fianaise Géarchéim Aeráide Díofa Gnáthóg

## Cathain a bhí an Oighearaois ann?

Thosaigh an **Oighearaois** is deireanaí thart ar 2.5 milliún bliain ó shin! Tá sé aisteach go leor, ach níl deireadh tagtha leis an Oighearaois go fóill i ndáiríre! An rud aisteach faoi oighearaoiseanna ná go n-athraíonn an teocht anonn is anall idir tréimhsí an-fhuar agus tréimhsí níos teo. Is féidir leis na tréimhsí fuara maireachtáil ar feadh na mílte bliain. Sá lá atá inniu ann, ceapann **eolaithe** go bhfuil tréimhse níos teo den Oighearaois ann agus gur thosaigh sí thart ar 11,000 bliain ó shin nuair a leáigh an t-oighear.

## Cén chuma a bhí ar Éirinn na hOighearaoise?

Cén chuma a bhí ar Éirinn na hOighearaoise?
I rith thréimhsí fuara na hOighearaoise, bhíodh Éire faoi bhrat sneachta agus oighir ar feadh na mílte bliain. Bhí sé deacair do phlandaí agus ainmhithe maireachtáil san áit. Sa lá atá inniu ann, deirimid go bhfuil **aeráid** na hÉireann cineálta agus fliuch. Ach fadó, bhíodh tréimhsí teo ann le linn na hOighearaoise chomh maith. San am sin, bhí an chuma a bhí ar Éirinn agus an aimsir a bhí ann beagáinín cosúil leis an lá atá inniu ann. Bhí an aeráid cineálta agus mhair plandaí agus ainmhithe ann.


## Cén Tábhacht atá le hIontaisí?

Iarsmaí ainmhithe (agus plandaí!) ársa is ea iontaisí agus tugann siad fianaise nó noda dúinn maidir leis an am atá thart. Déanann eolaithe staidéar ar iontaise chun a fháil amach cén cineál ainmhí a bhí inti, cá háit ar mhair sé, cathain a mhair sé agus cén cineál bia a d'itheadh sé fiú! Tá a fhios againn ó iontaisí a aimsíodh faoi thalamh agus laistigh de phluaiseanna gur mhair ainmhithe in Éirinn na mílte bliain ó shin. Tá iontaisí ainmhithe de chuid na hoighearaoise le feiceáil in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra, ó osclaíodh é níos mó ná 160 bliain ó shin! Cas an leathanach chun a fháil amach cé na cineálacha ainmhithe a mhair in Éirinn fadó…

# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

## Amlíne – Cas le hAinmhithe a bhí in Éirinn le linn na hOighearaoise!

Féach ar an amlíne thíos. An féidir leat na líníochtaí de na hiontaisí Oighearaoise a fheiceáil?
Chuir eolaithe dátaí le cuid de na hiontaisí chun a fháil amach cá fhad ó shin a mhair na hainmhithe in Éirinn.




An raibh a fhios agat go mbíodh an mamat lomrach, an hiéana breac, an faolchú liath agus an fia mór fiú ag fánaíocht ar fud na hÉireann? Mhair na hainmhithe oighearaoise seo in Éirinn na mílte bliain ó shin agus le linn thréimhsí teo na hOighearaoise. An féidir leat mórán iontaisí a fheiceáil marcáilte ar an tréimhse an-fhuar den amlíne? Níl mórán iontaisí ón am sin aimsithe ag daoine, rud a dhéanann ciall, mar bhí clúid oighir ar Éirinn agus bhí sé rófhuar dóibh maireachtáil anseo.

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Natural History

# Éire na hOighearaoise

# Iontaisí iontacha!

## An bhfuil ár nAeráid ag Athrú?

Tá sé faighte amach ag eolaithe le gairid go bhfuil an aeráid ag éirí níos teo go han-tapa mar thoradh ar ghníomhaíocht dhaonna. Le 250 bliain anuas, tá breoslaí iontaise amhail gual, ola, gás agus móin á ndó ag daoine agus tá an domhan ag éirí níos teo go han-tapa dá bharr. Sa lá atá inniu ann, glaoimid **Géarchéim Aeráide** ar athrú aeráide den chineál seo.



### An raibh a fhios agat?

San Oighearaois bhíodh an teocht ag athrú anonn is anall idir tréimhsí an-fhuar agus tréimhsí níos teo, agus próiseas nádúrtha agus mall is ea an t-athrú aeráide freisin, atá ag tarlú ó bhí beatha ar Domhan!

## Cad a tharla d'ainmhithe Oighearaoise na hÉireann?

Cad a tharla d'ainmhithe Oighearaoise na hÉireann? Tá an mamat lomrach agus an fia mór **díofa** anois – rud a chiallaíonn nach bhfuil siad anseo ar domhan a thuilleadh. Tá an hiéana breac, an béar donn agus an faolchú liath díofa go háitiúil. Ciallaíonn sin nach maireann siad anseo a thuilleadh ach go maireann siad i dtíortha eile sa lá atá inniu ann. Chuaigh cuid de na hainmhithe seo in éag de bharr athrú aeráide nádúrtha, agus chuaigh cinn eile in éag de bharr gníomhaíocht dhaonna, nuair a scriosadh **gnáthóg** an ainmhí, mar shampla. Sa lá atá inniu ann, is iomaí dúshlán atá roimh fhiadhúlra na hÉireann, an ghéarchéim aeráide ina measc. Chun cabhrú le hainmhithe a chosaint caithfimid an fód a sheasamh ar son an fhiadhúlra!

### An raibh a fhios agat?

I measc iontaisí eile a aimsíodh in Éirinn tá an sionnach Artach, an leimín Artach, giorria an Artaigh, capall, réinfhia, muscdhamh, torc, fia-chat agus iontaise den lincse Eoráiseach fiú.

## Conas is Féidir Linn an Fód a sheasamh ar Son an Fhiadhúlra?

1. Déan babhta tobsmaointe le do rang agus déan plean chun fiadhúlra a mhealladh chuig do ghairdín, chuig páirc áitiúil nó chuig do scoil.
2. Laghdaigh, Athúsáid, Athsmaoinigh, Athchúrsáil agus Athchuir.
3. Cuir crann nó tor dúchasach.
4. Bí ag aislingeacht faoi do thodhchaí! Is féidir leat difríocht a dhéanamh trí "phost glas" a roghnú agus obair a dhéanamh chun fadhbanna amhail an ghéarchéim aeráide nó díothú ainmhithe a réiteach.
5. A oiread agus is féidir a fhoghlaim faoin bhfiadhúlra agus gan dearmad a dhéanamh go bhfuil sé saor in aisce cuairt a thabhairt ar Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra!